

Ionsamhlúchán maidir le Gníomhú ar son na hAeráide: Náisiúin i mBéal a dTionsclaíthe



Do: **Phríomh-Idirbheartaithe le haghaidh Náisiúin i mBéal a dTionsclaíthe**

(An tSín, an India, an Indinéis, an Bhrasaíl, Meicsiceo, an Afraic Theas)

Ábhar: **Ullmhúchán don Chruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide**

Fáilte go dtí an Cruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Tá cuireadh tugtha ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe daoibh agus do cheannairí ó na geallsealbhóirí ábhartha uile oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar an athrú aeráide. Sa chuireadh sin, chuir an tArdrúnaí **i bhfios** gur rás atá á chailleadh againn is ea an éigeandáil aeráide, ach is rás ar féidir linn é a bhuachan é ... Is léir dúinn ón taighde eolaíoch is fearr... go bhfágfaidh aon ardú teochta thar 1.5°C go ndéanfar damáiste mór do-inaisiompaithe do na héiceachórais a choinníonn an dé ionainn ... Ach is léir dúinn ón taighde eolaíoch freisin nach bhfuil sé ródhéanach. Tá ar ár gcumas é a chur ina cheart ... Ach beidh claochluithe bunúsacha ag teastáil chuige sin i ngach gné den tsochaí – an chaoi a bhfásaimid bia agus a n-úsáidimid talamh, ár rogha breosla le haghaidh iompair agus ár bhfoinsí cumhachta le haghaidh ár ngeilleagar... Trí ghníomhú le chéile, ní fhágfaimid éinne chun deiridh.

Is é sprioc an chruinnithe mullaigh plean a chruthú chun teorainn is lú ná 2°C [3.6°F] os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an téamh domhanda agus iarracht a dhéanamh 1.5°C [2.7 °F] a bhaint amach, arb iad na spriocanna idirnáisiúnta a aithníodh go foirmiúil i gComhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide iad. Níl aon amhras faoin **bhfianaise eolaíoch**: fágfaidh téamh os cionn na teorann sin go mbeidh iarmhairtí tubaisteacha do-aisiompaithe ann a chuirfidh sláinte, rathúnas agus beatha daoine sna náisiúin uile i mbaol.

Déanann sibh ionadaíocht do na náisiúin is mó, agus is mó fás, atá i mbéal forbartha (liostaithe thuas). Is ionann daonra iomlán bhur náisiún agus beagnach 3.5 billiún duine, thart ar 45 % den 7.7 billiún duine ar domhan. Mar sin féin, ní ghineann bhur náisiúin ach thart ar 25 % d’aschur eacnamaíoch an domhain, agus tá OTI (Olltáirgeacht Intíre) níos ísle *per capita* agaibh agus tá sibh i ngreim ag an mbochtaineacht i bhfad níos mó ná na náisiúin forbartha.

Tá liosta de bhur dtosaíochtaí beartais thíos. Is féidir libh, áfach, aon bheartas atá ar fáil a mholadh nó a bhlocáil.

1. Fuinneamh in-athnuaite a fhóirdheonú (fuinneamh gréine, fuinneamh gaoithe, fuinneamh geoiteirmeach, hidreachumhacht, agus stóráil fuinnimh).

Tá tionscal an fhuinnimh in-athnuaite ag fás go tapa, ach fós féin is lú ná 5 % de sholáthar fuinnimh an domhain é. Cabhróidh fóirdheontais le fás na dtionscal sin, rud a chruthóidh poist in bhur náisiúin (más féidir libh feabhsuithe sna náisiúin forbartha ó thaobh teicneolaíochtaí gaoithe, gréine agus teicneolaíochtaí ceallraí a shárú). Fágann stóráil (e.g., ceallraí, teirmeastóráil, hidreafhuinneamh pumpála) agus teicneolaíochtaí “eangach cliste” le haghaidh cumhacht leictreach, gur féidir foinsí inathnuaite inathraithe amhail fuinneamh gaoithe agus gréine a chomhtháthú sa chóras fuinnimh agus cumhacht leictreach a sholáthar de lá is d’oíche.

2. Astaíochtaí meatáin, ocsaíde nítríúla agus gás ceaptha teasa eile a laghdú. Is é CO₂ an gás ceaptha teasa is feiceálaí, ach is gáis eile is cúis le thart ar an gceathrú cuid den téamh domhanda. Áirítear orthu sin meatán (CH₄), ocsaíd nítríúil (N₂O), agus raon leathan clórafluaracarbón agus comhdhúile fluairínithe eile (gáis-F mar a thugtar orthu). Ó thaobh áireamh na móilíní de, cuirfidh roinnt mhaith de na gáis nach gáis CO₂ iad na scórtha, na céadta nó na mílte oiread, fiú, níos mó

leis an téamh domhanda sa chéad aois eile ná CO₂. Cé go bhfuil a dtiúchan íseal, tá siad ag fás go tapa.

3. **Dífhoraioisiú a laghdú.** Is é an dífhoraioisiú is cúis le thart ar 15 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain faoi láthair. Tá roinnt mhaith den dífhoraioisiú sin ag tarlú i bhforaioisí trópaiceacha bhur náisiún, lena n-áirítear abhantrach na hAmasóine, an tSín, an India agus an Indinéis. Is féidir na hastaíochtaí sin a laghdú trí fhoraoisí a chosaint agus an bhitheagsúlacht a chaomhnú agus an soláthar uisce a chosaint ag an am céanna. Fágann an teorannú ar an dífhoraioisiú, áfach, go laghdaítear freisin an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as na tailte sin le haghaidh lománaíochta, táirgeadh bia, agus úsáidí tábhachtacha eile.
4. **Machnamh a dhéanamh ar fhoraoisiú.** Is éard atá san fhoraoisiú fás foraoisí nua ar thalamh nach bhfuil crainn aige, agus uaireanta is talamh é sin a bhí dífhoraioisithe nó díghrádaithe roimhe sin. Dá gcuirfí an foraoisiú chun feidhme ar mhórsála, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as talamh a bhfuil gá leis le haghaidh barr nó beostoic, rud a mhéadóidh praghanna bia. Déanaigí bhur machnamh ar an méid talaimh a bheadh ag teastáil mar gheall ar na beartais foraoisithe atá á moladh agaibh agus ag grúpaí eile.
5. **Machnamh a dhéanamh ar phraghas a chur ar astaíochtaí CO₂.** Tá breoslaí iontaise fós ar thús cadhnaíochta sa chóras fuinnimh domhanda, agus is é an CO₂ a astaíonn siadsan is mó i bhfad a chuireann leis an athrú aeráide. Ní áirítear i bpraghanna an mhargaidh sa lá atá inniu ann an dochar comhshaoil agus sóisialta a dhéanann breoslaí iontaise (a "seachtrachtaí diúltacha"). Mar bharr ar an donas, cuireann rialtais ar fud an domhain, agus roinnt mhaith de bhur gcuid rialtas féin san áireamh, \$775 billiún go \$1 trilliún ar fáil i bhfóirdheontais don tionscal breoslaí iontaise gach bliain. Aontaíonn eacnamaithes gurb é socrú praghais carbóin an bealach is fearr chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar fud an domhain. Déanaigí bhur machnamh ar phraghas a chur ar charbón, arbh fhéidir é a chéimniú amach le himeacht ama le go mbeadh am chun oiriúna ag lucht tionscail agus ag tomhaltóirí. Is féidir an t-ioncam a aisíoc leis an bpobal, a bheith ina chabhair le costais beartas eile a fhritháireamh, nó bhur gcuid easnamh fioscach a laghdú. Cé gur cuireadh praghanna carbóin chun feidhme, nó gur laghdaíodh fóirdheontais breosla iontaise, i roinnt de bhur tíortha, tá siad i bhfad níos ísle ná \$30-50 in aghaidh an tonna de CO₂, rud atá molta ag roinnt mhaith eacnamaithes. Tá margadh carbóin bunaithe ar chóras teorannaithe agus trádála astaíochtaí á chur chun feidhme ar fud na tíre ag an tSín, margadh a mhéadóidh an praghas atá ar astaíochtaí CO₂, ach níl sé sin déanta ag tíortha eile in bhur ngrúpa. Mar sin féin, níl sé d'acmhainn agaibh bogadh róthapa – tá lucht meánaicme bhur náisiún ag déanamh a ndíchill íoc as na táirgí agus na seirbhísí a ndéanann daoine sna náisiúin forbartha talamh slán díobh – gluaisteáin, aerchóirí, aerthaisteal, etc., agus tá na boicht in bhur náisiún ag lorg leictreachas iontaofa, uisce glan, bia, cúram sláinte, tithíocht chuibhiúil, agus riachtanais bhunúsacha dhaonna eile – agus is iadsan a bheidh ar an ngannchuid agus na costais fuinnimh ag ardú.
6. **Machnamh a dhéanamh ar cháin a ghearradh ar ghual.** Tá mianaigh ghuaile agus gléasraí cumhachta nua á dtógáil fós ag roinnt mhaith de bhur náisiúin cé gurb é an gual an breosla is déine ó thaobh carbóin de agus gurb é atá freagrach as roinnt mhaith den truailliú aer a dhéanann dochar do na milliúin daoine in bhur náisiúin sa lá atá inniu ann. D'fhéadfadh cánachas, rialáil nó céimniú amach guail fiú astaíochtaí a laghdú go tapa, truailliú aer dainséarach a laghdú, agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú.

Breithnithe Breise

Is am coinbhleachta agus tras-srutha in bhur ngeilleagair féin é. Braitheann bhur náisiúin uile go mór ar bhreoslaí iontaise, an gual san áireamh, agus is iad is cúis le 40 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain inniu, agus is í an tSín amháin is cúis le thart ar 28 % de na hastaíochtaí. I dteannta a chéile, is iad bhur náisiúin agus na náisiúin eile i mbéal forbartha atá freagrach as thart ar 64 % de na hastaíochtaí domhanda sa lá atá inniu ann, cé go bhfuil na hastaíochtaí *per capita* in bhur náisiúin níos ísle ná mar atá sna náisiúin forbartha. Ach ghin na náisiúin forbartha an chuid is mó de na hastaíochtaí

carnacha gás ceaptha teasa a chruthaigh an ghéarchéim aeráide. Creideann sibh gurb é an fhreagracht mhorálta atá orthu a n-astaíochtaí a laghdú, agus nach ceart, trí na beartais chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, moill a chur ar bhur bhforbairt eacnamaíoch ná ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun na céadta milliún de bhur muintir a thabhairt slán as an mbochtaineacht.

Ag an am céanna, aithníonn sibh go gcuirtear rathúnas, sláinte agus beatha bhur muintire i mbaol de dheasca an athraithe aeráide. Bíonn truailliú aeir ó bhreoslaí iontaise ina chúis le tinneas tromchúiseach agus leis na milliúin bás anabái in bhur náisiúin gach bliain. Cuireann méadú ar leibhéal na farraige, adhaimsir, triomach, meath ar tháirgeacht barr, agus dochar eile ón athrú aeráide dlús murab ionann ná riamh leis an gcoinbhleacht agus leis an imirce agus baineann sé an bonn de bhur slándáil náisiúnta agus de dhlisteanacht bhur gcuid rialtas.

Tá tionscal na mbreoslaí iontaise ag cur in aghaidh an athraithe sin, ach tá bhur náisiúin agus bhur ngnólachtaí ag aimsiú beartais atá neamhdhíobhálach don aeráid ar féidir leo a bheith chun leas bhur gcuid geilleagar. Is minic a bhíonn brabús le baint as éifeachtúlacht fuinnimh, agus as foinsí in-athnuaite amhail an ghaoth agus an ghrian, rud a chruthaíonn poist agus a fheabhsaíonn an tsláinte phoiblí. Fiú agus gléasraí guail á dtógáil agaibh i gcónaí, tá sibh ag rásaíocht leis na náisiúin forbartha lena chinneadh cé agaibh a bheidh chun tosaigh ar mhargadh atá ag fás go tapa le haghaidh fuinnimh in-athnuaite, feithiclí leictreacha agus foirgnimh agus próisis thionsclaíocha éifeachtúla.
